# STEM: Gluais

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| Ailgéabar | Cuimsítear le hailgéabar patrúin a aithint agus a anailísiú, an tslí n-athraíonn siad a thabhairt faoi deara agus ginearálú a dhéanamh. |
| Bunuimhreacht | Ciallaíonn bunuimhreacht úsáid a bhaint as uimhir chun lipéad a thabhairt do thacar nó chun 'an méid' rudaí atá i ngrúpa a insint. Ní hamháin go dtugtar lipéad don mhír dheireanach a chomhairtear leis an uimhir dheiridh i gcomhaireamh, is ionann í agus an méid iomlán míreanna atá ann. |
| Cainníocht | Is éard atá i gcainníocht, tomhais nó líon na rudaí i ngrúpa. |
| Céimseata | Is réimse den Mhatamaitic í an chéimseata a phléann le cruthanna, spás, pointí, línte nó uillinneacha. Míníonn céimseata conas cruthanna a thógáil nó a tharraingt agus conas comparáid a dhéanamh eatarthu. |
| Coincheap | Is téarma é coincheap a dhéanann cur síos ar 'smaoineamh mór' i ndáil le ceann ar bith de na hábhair STEM. |
| Comhaireamh | Tá dhá chineál comhairimh ann – comhaireamh de ghlanmheabhair agus comhaireamh réasúnach. Faigheann páistí óga máistreacht ar chomhaireamh de ghlanmheabhair ar dtús, .i. an inniúlacht ainmneacha na n-uimhreacha a rá in ord óna gcuimhne. Tá an comhaireamh réasúnach níos casta agus éilíonn sé go dtuigeann an páiste an chiall atá le hainm gach uimhreach. |
| Comhfhreagras aon lena haon | Is éard atá i gcomhfhreagras aon lena haon, gach rud i dtacar a chomhaireamh uair amháin agus ní níos mó ná sin, le teagmháil/uimhir amháin in aghaidh an ruda. |
| Cothromaíocht | Sa mhatamaitic, baintear úsáid as an téarma cothromaíocht chun cur síos a dhéanamh ar chothromaíocht, mar shampla, i gcás ina bhfuil an t-ualach ar gach taobh d'fheiste tomhais cothrom nó ar an staid ina bhfuil rud amháin ina luí ar rud eile, gan titim. |
| Cothromaíocht | Déanann cothromaíocht cur síos ar chóimheá fisiceach. Féach 'cóimheá' chun tuilleadh sonraí a fháil. |
| Cruth 2T | Bíonn cruth déthoiseach leibhéalta agus níl tiús ar bith aige. Ní dhéantar é a thomhas ach ar dhá éadan, fad agus leithead. |
| Cruth 3T | Bíonn cruth tríthoiseach soladach. Déantar na cruthanna sin a thomhas ar thrí éadan, fad, leithead agus doimhneacht. |
| Cúis agus éifeacht | Mínítear leis an gcoincheap cúis agus éifeacht an chúis a dtarlaíonn rudaí. Is í an chúis an fáth a dtarlaíonn rud éigin, agus is í an éifeacht an toradh nó an rud a tharla. |

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| Domhantarraingt | Is éard atá i ndomhantarraingt, an fórsa nádúrtha a thugann ar rudaí titim i dtreo an talaimh. |
| Fórsa | Is brú nó tarraingt é fórsa. |
| Hipitéis | Is éard atá i hipitéis, an méid a cheapann páistí a tharlóidh in iniúchadh. |
| Méid | Cur síos ar cé chomh mór is atá rud agus is féidir tagairt a dhéanamh dó i gcoibhneas le nithe eile. |
| Móiminteam | Má tá rud ag gluaiseacht, tá móiminteam aige. |
| Orduimhir | Is éard atá in orduimhir, uimhir a léiríonn áit ar liosta, an chéad, an dara, an tríú, srl. |
| Seans | Is éard atá i seans, an fhéidearthacht go dtarlóidh rud éigin. |
| Sonraí | Déanann sonraí tagairt d'fhaisnéis a bhailítear chun críocha tagartha nó anailíse. |
| Spás | Déanann coincheap an spáis cur síos ar na caidrimh idir rudaí agus áiteanna agus is féidir iad a chur in iúl i bhfoirm teanga amhail: i, ar, taobh le, srl. |
| Tacair | Is éard atá i dtacar, bailiúchán rudaí ar leith a thugtar le chéile i ngrúpa ar bhealach ciallmhar. |
| Toirt | Is éard atá i dtoirt an chainníocht de spás tríthoiseach, mar shampla, an spás a áitíonn nó a bhíonn ag substaint (soladach, leacht, gás) nó cruth. |
| Tomhas | Is éard atá i dtomhas, próiseas ar bith a dhéanann cur síos ar thréith amhail fad, toirt, meáchan, airde, toilleadh, am, teocht nó airgead. |